Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2533

22.11.2023

**RIALACHÁN (AE) 2023/2533 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Samhain 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh triomadóirí rothlaim tí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú ([1]) agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15 de Threoir 2009/125/CE, tá an Coimisiún le ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí a bhaineann le fuinneamh, a bhfuil méid suntasach díolachán agus trádála san Aontas i gceist leo agus a bhfuil tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol agus a bhfuil acmhainn shuntasach acu feabhas a chur ar a ndearadh ó thaobh an tionchar atá acu ar an gcomhshaol, gan costais iomarcacha a bheith i gceist leis.

(2) Le Plean Oibre Éicidhearthóireachta 2016–2019 ([2]) a dhréachtaigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Threoir 2009/125/CE, leagtar amach na tosaíochtaí oibre faoin gcreat éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh le haghaidh na mblianta 2016 go 2019. Sainaithnítear sa phlean oibre na grúpaí táirgí a bhaineann le fuinneamh mar thosaíochtaí le haghaidh staidéir ullmhúcháin agus, más gá, le haghaidh glacadh beart cur chun feidhme. Áirítear leis sin triomadóirí rothlaim tí. Ina theannta sin, tá triomadóirí rothlaim tí sna trí phríomhghrúpa a cuireadh in áirithe le haghaidh athbhreithnithe roimh dheireadh 2025 i bplean oibre éicidhearthóireachta agus lipéadaithe fuinnimh 2022–2024 ([3]).

(3) Meastar go bhfuil acmhainn ag bearta atá beartaithe i bPlean Oibre Éicidhearthóireachta agus Lipéadaithe Fuinnimh 2022–2024 ar choigilteas fuinnimh deiridh iomlán bliantúil de bhreis ar 170 TWh a bhaint amach in 2030, arb ionann é agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú thart ar 24 mhilliún tonna in aghaidh na bliana in 2030. D'fhéadfaí coigilteas leictreachais 0,6 TWh in aghaidh na bliana a bhaint amach i gcás triomadóirí rothlaim tí faoi 2030, agus 1,7 TWh in aghaidh na bliana faoi 2040.

(4) Le Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 ón gCoimisiún ([4]), bunaíodh ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh triomadóirí rothlaim tí.

(5) Ceanglaítear le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán sin i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta. Rinne an Coimisiún an t-athbhreithniú agus rinne sé anailís ar na gnéithe teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha de thriomadóirí rothlaim tí chomh maith le hiompraíocht iarbhír úsáideoirí. Rinneadh an t-athbhreithniú i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara ón Aontas agus ó thríú tíortha. Cuireadh torthaí an athbhreithnithe ar fáil go poiblí agus cuireadh iad faoi bhráid an Fhóraim Chomhairliúcháin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Threoir 2009/125/CE.

([1]) IO L 285, 31.10.2009, lch. 10.
([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Plean Oibre Éicidhearthóireachta 2016-2019 (COM(2016) 773 final an 30.11.2016).
([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Plean Oibre Éicidhearthóireachta agus Lipéadaithe Fuinnimh 2022-2024 2022/C 182/01 (IO C 182, 4.5.2022, lch. 1).
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh triomadóirí rothlaim tí (IO L 278, 12.10.2012, lch. 1).

(6) Is iad na gnéithe comhshaoil a bhaineann le triomadóirí rothlaim tí, a shainítear mar ghnéithe suntasacha chun críocha an Rialacháin seo, tomhaltas fuinnimh le linn na céime úsáide, giniúint dramhaíola ag deireadh a ré, astaíochtaí chuig aer sa chéim táirgeachta de thoradh amhábhair a eastóscadh agus a phróiseáil, agus sa chéim úsáide mar gheall ar ídiú leictreachais.

(7) San Aontas, measadh gurbh é 10,5 TWh in aghaidh na bliana tomhaltas fuinnimh bliantúil triomadóirí rothlaim tí faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 in 2020. I gcás 'gnó mar is gnách', tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar an tomhaltas sin go 9 TWh in aghaidh na bliana in 2030. D'fhéadfadh an laghdú sin tarlú níos tapúla má dhéantar na ceanglais éicidhearthóireachta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta chun triomadóirí rothlaim tí a bhfuil feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh íseal acu a bhaint den mhargadh.

(8) I bplean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach ([5]) agus i bPlean Oibre Éicidhearthóireachta agus Lipéadaithe Fuinnimh 2022–2024, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé úsáid a bhaint as an gcreat éicidhearthóireachta chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar atá níos ciorclaí agus níos éifeachtúla ó thaobh acmhainne de. Meastar gur tháinig laghdú ó 14 bliana go dtí timpeall 12 bhliain ar ré feidhme triomadóirí rothlaim tí le blianta beaga anuas, agus gur dócha go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh in éagmais dreasachtaí chun triomadóirí rothlaim tí a chothabháil agus a dheisiú i gceart. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais iomchuí a leagan síos leis an Rialachán seo lena rannchuideofar le cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh, go háirithe infhaighteacht páirteanna spártha a dhéanamh éigeantach agus feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise maidir le féinchothabháil ag an úsáideoir deiridh.

(9) Léirítear san athbhreithniú dá dtagraítear in Aithris (5) go bhfuil éifeachtúlachtaí comhdhlúthúcháin os cionn 80 % i gceist le tromlach mór na dtriomadóirí rothlaim ar an margadh. Ba cheart an íostairseach le haghaidh na héifeachtúlachta comhdhlúthúcháin a ardú ó 70 % go 80 %.

(10) Tá na buntréithe céanna i dtriomadóirí rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin agus atá i dtriomadóirí rothlaim tí agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo.

(11) Déantar triomadóirí rothlaim tí ionsuite a shuiteáil i gcaibinéid nó a chlúdach le painéil a choinníonn an teas a tháirgtear taobh istigh den triomadóir rothlaim, nuair a dhéantar iad a thástáil le haghaidh comhréireachta, rud as a n-eascraíonn éifeachtachtaí fuinnimh níos airde agus a rannchuidíonn le comhlíontacht le ceanglais éicidhearthóireachta. Ba cheart an sainmhíniú ar thriomadóirí rothlaim tí ionsuite a fheabhsú chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus triomadóirí rothlaim tí eile nach ndéantar ach iad a chur faoi phainéal ach nach bhfuil clúdaithe ag painéil, agus dá bhrí sin nach féidir a thástáil mar thriomadóirí rothlaim tí ionsuite.

(12) Triomadóirí rothlaim tí a chumhachtaítear le ceallraí agus ar féidir iad a cheangal den phríomhlíonra freisin trí thiontaire AC/DC a cheannaítear ar leithligh, tá an dóchúlacht ann go n-úsáidfear iad i suíomhanna soghluaiste, amhail veaineanna campála, ach gan bheith teoranta dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(13) Ba cheart tairseacha sonracha maidir le modhanna ísealchumhachta na dtriomadóirí rothlaim tí a leagan síos. Níor cheart feidhm a bheith ag ceanglais Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún ([6]) maidir le táirgí a chumhdaítear faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 2023/826 a leasú dá réir.

(14) Ba cheart an amlíne don cheanglas nua maidir le hídiú cumhachta uasta sa mhód 'as' le haghaidh triomadóirí rothlaim tí a ailíniú leis an amlíne a leagtar amach le haghaidh ídiú cumhachta sa mhód 'as' faoi Rialachán (AE) 2023/826.

([5]) Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún]. Closing the loop – An EU action plan for the circular economy [An Ciorcal a shlánú – Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach] (COM(2015) 614 final an 2.12.2015).

([6]) Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú leictreachais móid 'as', móid fuireachais, agus móid fuireachais líonra trealamh tí agus oifige leictreach agus trealamh tí agus oifige leictreonach de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 ón gCoimisiún (IO L 103, 18.4.2023, lch. 29).

(15) Ba cheart na paraiméadair tháirge ábhartha a thomhas trí úsáid a bhaint as modhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe. Ba cheart a chur san áireamh sna modhanna sin modhanna tomhais úrscothacha lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh ag na heagraíochtaí caighdeánaithe Eorpacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ([7]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 2009/125/CE, ba cheart na nósanna imeachta is infheidhme um measúnú comhréireachta a shonrú sa Rialachán seo.

(17) D'fhonn seiceálacha maidir le comhlíonadh a éascú, ba cheart do mhonaróirí, d'allmhaireoirí nó d'ionadaithe údaraithe faisnéis a sholáthar sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Treoir 2009/125/CE a mhéid a bhaineann an fhaisnéis sin leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

(18) I gcás ina bhfuil na paraiméadair sa doiciméadacht theicniúil a shonraítear leis an Rialachán seo comhionann leis na paraiméadair ar an mbileog faisnéise faoin táirge a shonraítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2534 ([8]) ón gCoimisiún, ba cheart do mhonaróirí, d'allmhaireoirí nó d'ionadaithe údaraithe na sonraí comhfhreagracha a iontráil sa bhunachar sonraí táirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus níor cheart gá a bheith ann dóibh iad a sholáthar a thuilleadh d'údaráis um fhaireachas margaidh mar chuid den doiciméadacht theicniúil.

(19) Chun tomhaltóirí a chosaint, níor cheart táirgí a cheadú ar an margadh a athraíonn a bhfeidhmíocht go huathoibríoch faoi choinníollacha tástála i dtéarmaí na bparaiméadar dearbhaithe. Ar an mbealach céanna, níor cheart dochar a dhéanamh don fheidhmíocht de bharr nuashonruithe bogearraí ar an táirge i dtéarmaí na bparaiméadar dearbhaithe.

(20) Ba cheart foráil a dhéanamh leis an nós imeachta fíorúcháin chun críoch faireachais margaidh maidir le cásanna nach dtabharfaidh tástálacha a dhéantar ar thriomadóirí rothlaim tí torthaí atá bailí chun comparáid a dhéanamh leis na luachanna arna ndearbhú ag an monaróir.

(21) I gcomhréir le Cuid 3, pointe (2), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/125/CE, ba cheart tagarmharcanna táscacha le haghaidh na dteicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a shainaithint chun faisnéis maidir le feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí atá faoi réir an Rialacháin seo a chur ar fáil go forleathan agus chun go mbeadh sí inrochtana go héasca.

(22) D'fhéadfadh sceitheadh féideartha an chuisneáin atá i dtriomadóirí rothlaim teaschaidéil cur le téamh domhanda. Ba cheart an cineál cuisneáin a úsáidtear a bheith ar taispeáint ar an triomadóir rothlaim tí in áit infheicthe chun láimhseáil iomchuí an chuisneáin a éascú nuair a bhíonn an fearas á dheisiú, á athchúrsáil nó á chaitheamh i dtraipisí.

(23) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/807 ([10]) bunaítear fachtóir fuinnimh príomhúil le haghaidh leictreachais de 1,9 (comhéifeacht tiontúcháin) atá le cur i bhfeidhm nuair a dhéantar coigilteas fuinnimh a ríomh i dtéarmaí fuinnimh phríomhúil bunaithe ar thomhaltas fuinnimh deiridh. Ba cheart an fachtóir fuinnimh príomhúil sin a chur i bhfeidhm nuair a dhéantar comparáid idir an tomhaltas fuinnimh le haghaidh triomadóirí rothlaim leictreacha agus gásadhainte.

(24) Ba cheart athbhreithniú á dhéanamh ar an Rialachán sin chun measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a éifeachtaí atá a fhorálacha chun a spriocanna a bhaint amach. Ba cheart gur leor uainiú an athbhreithnithe chun go bhféadfar na forálacha uile a chur chun feidhme agus chun go mbeidh éifeacht acu ar an margadh.

---

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2534 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh triomadóirí rothlaim tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 392/2012 ón gCoimisiún (IO L, 2023/2534, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2534/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/807 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2022 maidir le hathbhreithniú á dhéanamh ar an bhfachtóir fuinnimh príomhúil le haghaidh leictreachais i gcur i bhfeidhm Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 101, 14.4.2023, lch. 16).

(25) Chun an t-aistriú ó Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 chuig an Rialachán seo a éascú, ba cheart úsáid an téarma nua 'éicea' a cheadú ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ina theannta sin, an tráth céanna, ba cheart a cheadú do mhonaróirí ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh 4 mhí roimh dháta a chur i bhfeidhm.

(26) Chun a áirithiú gur féidir triomadóirí rothlaim tí a dheisiú go héifeachtach, ba cheart praghas páirteanna spártha a bheith réasúnta agus níor cheart deisiú a dhíspreagadh leo. Chun trédhearcacht a chruthú agus chun socrú praghsanna réasúnta a dhreasú, ba cheart an praghas táscach réamhchánach ar pháirteanna spártha arna soláthar de bhun an Rialacháin seo a bheith so-aimsithe ar shuíomh gréasáin saor-rochtana.

(27) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a leagadh amach le hAirteagal 19 de Threoir 2009/125/CE.

(28) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 a aisghairm le héifeacht ón 30 Meitheamh 2025

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais éicidhearthóireachta maidir le triomadóirí rothlaim tí a oibrítear leis an bpríomhlíonra leictreach agus triomadóirí rothlaim tí gásadhainte a chur ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Tá feidhm aige freisin maidir le triomadóirí rothlaim tí ionsuite, triomadóirí rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin agus triomadóirí rothlaim tí a oibrítear leis an bpríomhlíonra leictreach ar féidir iad a chumhachtú le ceallraí freisin.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) niteoirí triomadóirí tí agus castarraingteoirí tí;

(b) triomadóirí rothlaim laistigh de raon feidhme Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]);

(c) triomadóirí rothlaim tí a chumhachtaítear le ceallraí ar féidir iad a cheangal den phríomhlíonra trí thiontaire AC/DC a cheannaítear ar leithligh.

3. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais i Ranna 2 agus 3, agus i Roinn 6, pointí (1)(a) agus (1)(b) d'Iarscríbhinn II maidir le triomadóirí rothlaim tí ag a bhfuil toilleadh ainmniúil 3 kg nó níos lú don éiceachlár.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'triomadóir rothlaim tí' fearas ina ndéantar teicstílí a thriomú trína rothlú i ndroma rothlach trína gcuirtear aer téite agus a dhearbhaíonn an monaróir ina leith sa dearbhú comhréireachta go gcomhlíonann sé Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) nó Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]);

(2) ciallaíonn 'príomhlíonra' an soláthar leictreachais ón eangach de 230 (± 10 %) volta srutha ailtéarnaigh ar 50 Hz;

(3) ciallaíonn 'triomadóir rothlaim gásadhainte' triomadóir rothlaim tí a úsáideann gás chun an t-aer taobh istigh a théamh;

([11]) Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

([12]) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).

([13]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

(4) ciallaíonn ‘triomadóir rothlaim tí ionsuite’ triomadóir rothlaim tí a dheartar, a thástáiltear agus a mhargaítear go heisiach chun na saintréithe seo a leanas uile a chomhlíonadh:

(a) lena shuiteáil i gcaibinéad nó lena chlúdach (ar an mbarr agus/nó ar an mbun, agus ar na taobhanna) ag painéil;

(b) lena bheith ceangailte go daingean de thaobhanna, barr nó urlár an chaibinéid nó na bpainéal;

(c) lena bheith feistithe le haghaidh iomlánaithe a gcuirtear snas air sa mhonarcha nó lena bheith feistithe le painéal tosaigh saincheaptha;

(5) ciallaíonn ‘meaisín niteoir-triomadóir tí’ fearas mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún ([14]);

(6) ciallaíonn ‘castarraingteoir tí’ fearas ina mbaintear uisce as na teicstílí trí ghníomhaíocht lártheifeach i ndruma rothlach agus a dhraenáiltear trí chaidéal uathoibríoch nó trí dhomhantarraingt agus atá deartha le húsáid go príomha chun críoch neamhghairmiúil agus ar a dtugtar freisin sa réimse tráchtála ‘castriomadóir’;

(7) ciallaíonn ‘triomadóir rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin’ triomadóir rothlaim tí atá feistithe le níos mó ná druma amháin, bídís i gcásálacha ar leith nó sa chásáil chéanna;

(8) ciallaíonn ‘múnla coibhéiseach’ múnla a bhfuil na saintréithe teicniúla céanna ann atá ábhartha maidir leis an bhfaisnéis theicniúil atá le soláthar, ach arb é an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe céanna a chuireann é ar an margadh nó i mbun seirbhíse agus a chuireann múnla eile ag a bhfuil aitheantóir múnla difriúil;

(9) ciallaíonn ‘clár’ sraith oibríochtaí a réamhshainítear agus a ndearbhaíonn an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe go bhfuil siad oiriúnach chun cineálacha áirithe teicstíle a thriomú;

(10) ciallaíonn ‘aitheantóir múnla’ an cód a bhíonn alfa-uimhriúil de ghnáth agus lena ndéantar múnla sonrach de tháirge a dhealú ó mhúnlaí eile a bhfuil an trádmharc céanna acu nó an t-ainm monaróra, allmhaireora nó ionadaí údaraithe chéanna orthu;

(11) ciallaíonn ‘luachanna fógartha’ na luachanna a sholáthair an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe le haghaidh na bparaiméadar teicniúil atá luaite, ríofa nó tomhaiste i gcomhréir le hAirteagal 4, le haghaidh fíorú comhlíontachta ag údaráis na mBallstát;

(12) ciallaíonn ‘bunachar sonraí táirgí’ bunachar sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (25), de Rialachán (AE) 2017/1369;

(13) ciallaíonn ‘toilleadh ainmniúil’ an uasmhais ina cileagraim, arna sonrú ag an monaróir, ag an allmhaireoir nó ag an ionadaí údaraithe, ag eatraimh 0,5 kg, de theicstílí tirime de chineál ar leith, ar féidir cóireáil a dhéanamh orthu i dtimthriall triomúcháin amháin de thriomadóir rothlaim tí ar an gclár roghnaithe, nuair a luchtaítear i gcomhréir le treoracha an mhonaróra é;

(14) ciallaíonn ‘éiceachlár’ clár atá in ann níochán cadáis a thriomú ó chion taise tosaigh de chuid an lóid de 60 % síos go dtí cion taise deiridh de chuid an lóid de 0 %;

(15) ciallaíonn ‘cion taise tosaigh’ an méid taise atá sa lód ag tús an timthrialla triomúcháin;

(16) ciallaíonn ‘cion taise deiridh’ an méid taise atá sa lód ag deireadh an timthrialla triomúcháin;

(17) ciallaíonn ‘timthriall triomúcháin’ próiseas iomlán triomúcháin, mar a shainmhínítear é sa chlár a éilítear, arb é atá ann sraith oibríochtaí éagsúla lena n-áirítear téamh agus rothlú.

Chun críocha Iarscríbhinní II go V, tá feidhm ag na sainmhínithe breise a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

([14]) Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh meaisíní níocháin tí agus meaisíní triomadóir-niteoir tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 285).

*Airteagal 3*

**Ceanglais éicidhearthóireachta**

1. Comhlíonfaidh triomadóirí rothlaim tí na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Déanfar comhlíontacht le ceanglais éicidhearthóireachta a thomhas agus a ríomh i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 4*

**Measúnú comhréireachta**

1. Leanfaidh an nós imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2009/125/CE córas rialaithe an dearaidh inmheánaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin nó an córas bainistíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin.

2. Chun críocha an mheasúnaithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2009/125/CE, sa doiciméadacht theicniúil beidh luachanna dearbhaithe na bparaiméadar a liostaítear i Ranna 2, 3 agus 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus mionsonraí agus torthaí na ríomhanna arna ndéanamh i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. I gcás ina bhfuarthas an fhaisnéis atá sa doiciméadacht theicniúil maidir le múnla ar leith trí cheann de na modhanna seo a leanas, áireofar sa doiciméadacht theicniúil mionsonraí an ríomha, an measúnú a rinne an monaróir chun cruinneas an ríomha a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, an dearbhú maidir le céannacht idir múnlaí na monaróirí éagsúla:

(a) ó mhúnla ina bhfuil na saintréithe teicniúla céanna atá ábhartha maidir leis an bhfaisnéis theicniúil atá le soláthar ach ar múnla é a tháirgeann monaróir difriúil, nó

(b) trí ríomh a dhéanamh ar bhonn dearaidh nó eachtarshuímh ó mhúnla eile leis an monaróir céanna nó le monaróir eile, nó an dá rud.

4. Áireofar sa doiciméadacht theicniúil liosta de na múnlaí coibhéiseacha uile, lena n-áirítear aitheantóirí múnla.

5. Áireofar sa doiciméadacht theicniúil an fhaisnéis san ord a leagtar amach agus mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2534. Chun críocha faireachais margaidh, féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe, gan dochar do phointe 2(g) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/125/CE, breathnú ar an doiciméadacht theicniúil arna uaslódáil chuig an mbunachar sonraí táirgí ina bhfuil an fhaisnéis chéanna mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2534.

*Airteagal 5*

**Nós imeachta fíorúcháin chun críoch faireachais margaidh**

Déanfaidh na Ballstáit an nós imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm le linn dóibh na seiceálacha um fhaireachas margaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2009/125/CE a dhéanamh.

*Airteagal 6*

**Imchéimniú**

1. Ní chuirfidh monaróirí, allmhaireoirí ná ionadaithe údaraithe táirgí ar an margadh nó i mbun seirbhíse a dheartar chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú nuair a dhéantar iad a thástáil, chun toradh níos fabhraí a bhaint amach maidir le haon luach fógartha i ndáil leis na paraiméadair a rialaítear sa Rialachán seo. Áirítear leis sin, gan a bheith teoranta dóibh, táirgí a dearadh lena bhrath go bhfuil siad á dtástáil trí na coinníollacha tástála nó an timthriall tástála a aithint agus a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú go huathoibríoch mar fhreagairt, agus táirgí a réamhshocrú chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú tráth na tástála.

2. Ní fhorordóidh monaróirí, allmhaireoirí ná ionadaithe údaraithe treoracha tástála sonracha lena n-athraítear iompraíocht nó airíonna táirgí chun toradh níos fabhraí a bhaint amach maidir le haon cheann de luachanna fógartha na bparaiméadar a rialaítear sa Rialachán seo. Áirítear leis sin, gan a bheith teoranta dó, athrú láimhe a fhorordú ar tháirge atá á ullmhú le haghaidh na tástála lena n-athraítear iompraíocht nó airíonna an táirge i gcomparáid leis an tráth a bhíonn sé sa ghnáthúsáid agus á fheidhmiú ag an úsáideoir deiridh.

3. Ní chuirfidh monaróirí, allmhaireoirí ná ionadaithe údaraithe táirgí ar an margadh nó i mbun seirbhíse a dheartar chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú laistigh de thréimhse ghearr tar éis iad a chur i seirbhís ar bhealach a dhéanfadh dochar d'aon luach fógartha maidir leis na paraiméadair a rialaítear sa Rialachán seo.

*Airteagal 7*

**Nuashonruithe bogearraí**

1. Ní measa a éireoidh aon luach fógartha maidir le paraiméadair triomadóra rothlaim tí de bharr nuashonruithe bogearraí ná dochtearraí nuair a dhéantar é a thomhas agus úsáid á baint as an modh tástála is infheidhme tráth a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse é.

2. Ní dhéanfar aon athrú ar aon luach fógartha maidir le paraiméadair triomadóra rothlaim tí nuair a dhéantar é a thomhas agus úsáid á baint as an modh tástála is infheidhme tráth a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse é de thoradh diúltú don nuashonrú.

*Airteagal 8*

**Tagarmharcanna táscacha**

Leagtar amach in Iarscríbhinn V na tagarmharcanna maidir leis na triomadóirí rothlaim tí is fearr feidhmíochta a bheidh ar fáil ar an margadh tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 9*

**Athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta agus cuirfidh sé torthaí an athbhreithnithe sin, lena n-áirítear, más iomchuí, dréacht-togra le haghaidh athbhreithniú, faoi bhráid an Fhóraim Comhairliúcháin faoin 12 Nollaig 2029.

Déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas go háirithe san athbhreithniú:

(a) an poitéinseal feabhsúcháin maidir le feidhmíocht fuinnimh agus chomhshaoil na dtriomadóirí rothlaim tí;

(b) forbairtí in iompar tomhaltóirí agus an fhéidearthacht a bhaineann le sásra aiseolais éigeantach maidir le luchtú an fhearais, tomhaltas fuinnimh agus fad an chláir roghnaithe;

(c) éifeachtacht na gceanglas atá ann cheana maidir le héifeachtúlacht acmhainne;

(d) a oiriúnaí is atá sé ceanglais bhreise maidir le héifeachtúlacht acmhainní a leagan síos le haghaidh táirgí i gcomhréir le cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear infhaighteacht páirteanna spártha breise agus faisnéis maidir le hamhábhair chriticiúla agus ábhair eile atá ábhartha maidir leis an gcomhshaol;

(e) a oiriúnaí atá sé ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú maidir le triomadóirí caibinéid;

(f) a oiriúnaí atá sé ceanglais a shocrú chun scaipeadh na micreaphlaisteach a laghdú.

*Airteagal 10*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2023/826**

1. I bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/826:

(a) déantar 'triomadóirí éadaí cé is moite de thriomadóirí rothlaim tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2023/2533 (*) ón gCoimisiún' a chur in ionad na hiontrála 'triomadóirí rothlaim agus triomadóirí éadaí eile

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na iontrála 'Fearais eile le haghaidh cócaireachta agus próiseáil eile bia, ullmhú deochanna, glantacháin, cothabháil éadaí, cé is moite de mhiasniteoirí tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2022 ón gCoimisiún, agus de mheaisíní níocháin tí agus meaisíní niteoir-triomadóir tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún':

'Fearais eile le haghaidh cócaireachta agus próiseáil eile bia, ullmhú deochanna, glantacháin, cothabháil éadaí, cé is moite de mhiasniteoirí tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2022 (*) ón gCoimisiún, agus de mheaisíní níocháin tí agus meaisíní niteoir-triomadóir tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2023 (**) ón gCoimisiún (AE) 2023/2533;

(*) Rialachán (AE) 2019/2022 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le miasniteoirí tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1016/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 267).

(**) Rialachán (AE) 2019/2023 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le meaisíní níocháin agus meaisíní niteoir-triomadóir tí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1015/2010 ón gCoimisiún (IO L 315, 5.12.2019, lch. 285).'.

2. I bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/826:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre 'Maidir le hídiú cumhachta trealaimh agus é in aon staid lena soláthraítear faisnéis nó taispeáint stádais amháin, nó lena soláthraítear meascán d'fheidhm athghníomhachtúcháin agus d'fhaisnéis nó de thaispeáint stádais agus an méid sin amháin, nó lena soláthraítear feidhm athghníomhachtúcháin agus léiriú ar fheidhm athghníomhachtúcháin ar siúl agus faisnéise nó taispeáint faisnéise agus an méid sin amháin, ní rachaidh sé thar 0,80 W seachas triomadóirí tí a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 ón gCoimisiún, arb é 1,00 W an luach ina leith a bheidh ann':

'Maidir le hídiú cumhachta trealaimh agus é in aon staid lena soláthraítear faisnéis nó taispeáint stádais amháin, nó lena soláthraítear meascán d'fheidhm athghníomhachtúcháin agus d'fhaisnéis nó de thaispeáint stádais agus an méid sin amháin, nó lena soláthraítear feidhm athghníomhachtúcháin agus léiriú ar fheidhm athghníomhachtúcháin ar siúl agus faisnéise nó taispeáint faisnéise agus an méid sin amháin, ní rachaidh sé thar 0,80 W.'.

*Airteagal 11*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 932/2012.

*Airteagal 12*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. Go dtí an 30 Meitheamh 2025, de mhaolú ar an gceanglas i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 932/2012, ní gá an tásc maidir leis an gclár caighdeánach cadáis a thaispeáint ar ghaireas roghnúcháin clár ná ar thaispeáint roghnúcháin clár na dtriomadóirí rothlaim tí i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá an clár caighdeánach cadáis inaitheanta go soiléir sa leabhrán treoracha dá dtagraítear i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 932/2012 agus sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Rialachán sin;

(b) taispeántar an t-éiceachlár go soiléir ar ghaireas roghnúcháin clár nó ar thaispeáint roghnúcháin clár na dtriomadóirí rothlaim tí, i gcomhréir le Roinn 1, pointe (b) d'Iarscríbhinn II.

2. I gcás nach ndéanfar aonad ar cuid den mhúnla céanna nó de mhúnlaí comhionanna é a chur ar an margadh roimh an 1 Márta 2025, measfar go mbeidh aonaid na múnlaí a chuirfear ar an margadh idir an 1 Márta 2025 agus an 30 Meitheamh 2025 agus a chomhlíonann forálacha an Rialacháin seo i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 932/2012.

*Airteagal 13*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2025. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 6 ón 12 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**SAINMHÍNITHE**

Chun críoch Iarscríbhinní II go V, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'triomadóir aer-aeráilte' triomadóir rothlaim tí a tharraingíonn aer úr isteach, a chuireann fud na teicstílí é agus a scaoileann an t-aer tais a bhíonn mar thoradh air sin isteach sa seomra nó lasmuigh;

(2) ciallaíonn 'triomadóir rothlaim comhdhlúthadáin' triomadóir rothlaim tí a chuimsíonn córas, a úsáideann comhdhlúthú nó aon mhodh eile, chun taise a bhaint as an aer a úsáidtear don phróiseas triomúcháin;

(3) ciallaíonn 'triomadóir rothlaim ina bhfuil eilimint téimh' triomadóir rothlaim tí arb é friotaíocht leictreach an t-aon mhodh nó an príomhmhodh chun an t-aer a théamh laistigh de;

(4) ciallaíonn 'triomadóir rothlaim teaschaidéil' triomadóir rothlaim tí arb é friotaíocht leictreach an t-aon mhodh nó an príomhmhodh chun an t-aer a théamh laistigh de;

(5) ciallaíonn 'Innéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh' nó 'EEI' an cóimheas idir an tomhaltas ualaithe fuinnimh agus an tomhaltas fuinnimh caighdeánach in aghaidh an timthrialla triomúcháin i múnla sonrach triomadóra tí;

(6) ciallaíonn 'fad an chláir' an méid ama a thosaíonn le tionscnamh an chláir a roghnaítear, gan aon mhoill arna ríomhchlárú ag an úsáideoir a chur san áireamh, go dtí go ngníomhaítear táscaire deireadh cláir agus go bhfuil rochtain ag an úsáideoir ar an ualach;

(7) ciallaíonn 'ualach iomlán' an toilleadh ainmniúil atá ag triomadóir rothlaim tí do chlár ar leith;

(8) ciallaíonn 'ualach páirteach' leath den toilleadh ainmniúil atá ag triomadóir rothlaim tí do chlár ar leith;

(9) ciallaíonn 'éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin' an cóimheas idir mais na taise arna comhdhlúthú ag triomadóir comhdhlúthadáin agus mais na taise a bhaintear as an ualach ag deireadh timthrialla triomúcháin;

(10) ciallaíonn mód 'as' staid ina bhfuil an triomadóir rothlaim tí nasctha leis an bpríomhlíonra agus nach soláthraíonn sé aon fheidhm, lena n-áirítear na staideanna seo a leanas:

   (a) staideanna nach soláthraíonn ach tásc maidir le stádas an mhóid 'as';

   (b) coinníollacha nach soláthraíonn ach feidhmiúlachtaí atá ceaptha chun comhoiriúnacht leictreamaighnéadach a áirithiú de bhun Threoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(11) ciallaíonn 'mód fuireachais' staid ina bhfuil an triomadóir rothlaim tí nasctha leis an bpríomhlíonra agus nach soláthraíonn sé ach na feidhmeanna seo a leanas nó roinnt de feidhmeanna sin a d'fhéadfadh feidhmiú ar feadh tréimhse éiginnte:

   (a) feidhm athghníomhachtúcháin nó feidhm athghníomhachtúcháin agus tásc ar fheidhm athghníomhachtúcháin atá ar siúl;

   (b) feidhm athghníomhachtúcháin trí cheangal le líonra ('fuireachas líonraithe');

   (c) taispeáint faisnéise nó stádais;

   (d) feidhm braite le haghaidh bearta éigeandála;

(12) ciallaíonn 'líonra' bonneagar cumarsáide a bhfuil toipeolaíocht nasc ann, is é sin ailtireacht, lena n-áirítear na comhpháirteanna fisiceacha, prionsabail eagraíochtúla, nósanna imeachta cumarsáide agus formáidí (prótacail);

(13) ciallaíonn 'feidhm coiscthe filltín' oibríocht ar an triomadóir rothlaim tí tar éis don chlár críochnú chun ró-charnadh filltín sa níochán a chosc;

(14) ciallaíonn 'tús moillithe' staid ina bhfuil moill shonraithe roghnaithe ag an úsáideoir go dtí tús nó deireadh thimthriall triomúcháin an chláir roghnaithe;

(15) ciallaíonn 'páirt spártha' páirt ar leithligh ar féidir léi teacht in ionad páirte a bhfuil an fheidhm chéanna nó feidhm chomhchosúil aici i dtáirge;

([1]) Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79).

(16) ciallaíonn ‘deisitheoir gairmiúil’ oibreoir nó gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála gairmiúla le haghaidh triomadóirí rothlaim tí;

(17) ciallaíonn ‘ráthaíocht’ aon ghealltanas a thugann an déileálaí nó an monaróir don tomhaltóir an praghas a íocadh a aisíoc nó an triomadóir rothlaim tí a athsholáthar, a dheisiú nó a láimhseáil ar aon bhealach mura gcomhlíonann sé na sonraíochtaí a leagtar amach sa ráiteas ráthaíochta nó san fhógraíocht ábhartha;

(18) ciallaíonn ‘comhéifeacht tiontúcháin’ (CC) an chomhéifeacht réamhshocraithe don fhuinneamh príomhúil in aghaidh an kWh leictreachais dá dtagraítear i dTreoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; is é CC = 1,9 luach na comhéifeachta tiontúcháin.

*IARSCRÍBHINN II*

**CEANGLAIS ÉICIDHEARTHÓIREACHTA**

1. Na ceanglais maidir leis an gclár

Comhlíonfaidh triomadóirí rothlaim tí na ceanglais seo a leanas:

(a) soláthróidh triomadóirí rothlaim tí éiceachlár. Ní bheidh an toilleadh ainmniúil sonraithe don éiceachlár níos ísle ná an toilleadh ainmniúil sonraithe is airde i measc chláir cadáis uile an triomadóra rothlaim tí;

(b) sonrófar an éiceachlár mar 'éicea' agus beidh sé inaitheanta go soiléir ar an roghnú cláir, ar an scáileán taispeána agus tríd an nasc líonra, ag brath ar na feidhmiúlachtaí a sholáthraíonn an triomadóir rothlaim tí;

(c) úsáidfear an t-ainm 'éicea' don éiceachlár go heisiach agus ní féidir é a chomhlánú ach leis an téarma 'cadás'. Níl teorainn le formáidiú an ainm ó thaobh cineál clófhoirne, clómhéide, cásíogaireachta nó datha de. Ní fhéadfaidh an téarma 'éicea' a bheith in ainm aon chláir eile;

(d) socrófar an t-éiceachlár mar an clár réamhshocraithe um roghnúchán uathoibríoch na gclár nó aon fheidhm a choinníonn roghnúchán cláir ar bun; nó, i gcás nach bhfuil roghnú uathoibríoch clár ann, beidh sé ar fáil lena roghnú go díreach gan ghá le haon roghnúchán eile amhail am nó ualach sonrach;

(e) ní dhéanfar na tásca 'gnáth', 'laethúil', 'tráthrialta' agus 'caighdeánach', ná a n-aistriúcháin i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, a úsáid in ainmneacha cláir le haghaidh triomadóirí rothlaim tí, ina n-aonar ná i dteannta le faisnéis eile.

2. Ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh

Ní bheidh an EEI do thriomadóirí rothlaim tí níos airde ná 85.

Ríomhfar an t-innéacs éifeachtúlachta fuinnimh i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

3. Ceanglais maidir le héifeachtúlacht comhdhlúthúcháin

Ní bheidh éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin triomadóirí rothlaim comhdhlúthadáin níos ísle ná 80 %. Déanfar an éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

4. Móid ísealchumhachta

Comhlíonfaidh triomadóirí rothlaim tí na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh mód 'as' nó mód fuireachais nó an dá cheann acu. Ní rachaidh ídiú cumhachta sa mhód 'as' thar 0,50 W agus ní rachaidh ídiú cumhachta sa mhód fuireachais thar 0,50 W; ón 9 Bealtaine 2027 ar aghaidh, ní rachaidh ídiú cumhachta an mhóid 'as' thar 0,3 W;

(b) má tá taispeáint faisnéise nó stádais san áireamh sa mhód fuireachais, ní rachaidh ídiú cumhachta an mhóid sin thar 1,00 W;

(c) má fhorálann an mód fuireachais do nasc le líonra agus má sholáthraíonn sé fuireachas líonraithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (10), de Rialachán (AE) 2023/826, ní rachaidh ídiú cumhachta an mhóid sin thar 2,00 W;

(d) 15 nóiméad ar a dhéanaí tar éis don triomadóir rothlaim tí a bheith curtha ar siúl nó tar éis dheireadh aon chláir agus gníomhaíochtaí gaolmhara, nó tar éis cur isteach ar an bhfeidhm coiscthe filltín, nó tar éis aon idirghníomhaíochta eile leis an triomadóir rothlaim tí, agus mura gcuirtear aon mhód eile ar siúl, lena n-áirítear bearta éigeandála, aistreoidh an triomadóir rothlaim tí go huathoibríoch go dtí an mód 'as' nó go dtí an mód fuireachais;

(e) má dhéanann an triomadóir rothlaim tí foráil maidir le tús moillithe, ní rachaidh ídiú cumhachta na staide sin, lena n-áirítear aon mhód fuireachais, thar 4,00 W. Ní bheidh an tús moillithe in-ríomhchláraithe ag an úsáideoir níos mó ná 24 uair an chloig roimh ré.

(f) aon triomadóir rothlaim tí is féidir a nascadh le líonra, tabharfaidh sé an deis don úsáideoir an nasc/na naisc líonra a ghníomhachtú agus a dhíghníomhachtú. Déanfar an nasc/na naisc líonra a dhíghníomhachtú mar réamhshocrú.

5. Ceanglais maidir le héifeachtúlacht acmhainne

(1) Infhaighteacht páirteanna spártha:

(a) i gcás gach múnla, a gcuirtear aonaid díobh ar an margadh ón 1 Iúil 2025 ar aghaidh, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na dtriomadóirí rothlaim tí na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad a chur ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla:

(i) gaiscéid agus séalaí;

(ii) lasca agus cnaipí;

(iii) caidéal comhdhlúthadáin;

(iv) mótair agus scuaba mótair;

(v) tarchuir idir an mótar agus an druma;

(vi) gaothrán agus rothaí gaothráin;

(vii) drumaí agus imthacaí;

(viii) píoblach uisce agus trealamh gaolmhar, lena n-áirítear píobáin, comhlaí agus scagairí;

(ix) cáblaí agus plocóidí;

(x) cláir chiorcad priontáilte;

(xi) taispeáintí leictreonacha;

(xii) teirmeastait agus braiteoirí teochta;

(xiii) bogearraí agus dochtearraí, lena n-áirítear bogearraí athshocraithe;

(xiv) maolairí turrainge agus spriongaí;

(xv) téitheoirí agus eiliminttí téimh;

(xvi) aidhníní leictreacha (leo féin nó cuachta le chéile).

(xvii) ulóg teannais;

(xviii) rollóir taca;

(xix) brúlasca;

(b) áiritheofar infhaighteacht na bpáirteanna spártha dá dtagraítear i bpointe (a) ar feadh íostréimhse dar tús an 1 Iúil 2025 ar a dhéanaí nó 2 bhliain tar éis an chéad aonad den mhúnla a chur ar an margadh, pé dáta acu sin is déanaí, agus dar críoch 10 mbliana ar a laghad tar éis an t-aonad deiridh den mhúnla lena mbaineann a bheith curtha ar an margadh. Chun na críche sin, an liosta de pháirteanna spártha, an nós imeachta um a n-ordú agus na treoracha deisiúcháin, beidh siad uile ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, le linn na tréimhse céanna ar a laghad agus ag tosú ar an dáta dá dtagraítear sa phointe seo;

(c) i gcás gach múnla, a gcuirtear aonaid díobh ar an margadh ón 1 Iúil 2025 ar aghaidh, déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na dtriomadóirí rothlaim tí na páirteanna spártha seo a leanas ar a laghad a chur ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla agus d'úsáideoirí deiridh:

(i) doirse, séalaí doirse, lámha doirse, cóimeáil glais doirse agus insí;

(ii) scagairí clúimh;

(iii) scagairí aeir;

(iv) forimeallaigh phlaisteacha;

(v) umar comhdhlúthadáin;

(d) áiritheofar infhaighteacht na bpáirteanna spártha dá dtagraítear i bpointe (c) ar feadh íostréimhse dar tús an dáta a chuirfear an t-aonad sin ar an margadh agus dar chríoch 10 mbliana ar a laghad tar éis an t-aonad deiridh den mhúnla lena mbaineann a bheith curtha ar an margadh. Chun na críche sin, an liosta de pháirteanna spártha agus an nós imeachta um a n-ordú agus an fhaisnéis maidir le deisiú agus cothabháil, beidh siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, le linn na tréimhse céanna ar a laghad agus ag tosú ar an dáta dá dtagraítear sa phointe seo;

(e) áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe triomadóirí rothlaim tí gur féidir na páirteanna spártha dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) a chur in ionad na bpáirteanna bunaidh trí úsáid a bhaint as na huirlisí atá ar fáil go coitianta gan damáiste buan a dhéanamh don triomadóir rothlaim tí;

(f) le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointí (b) agus (d), soláthróidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe praghsanna réamhchánach táscacha, in euro ar a laghad, le haghaidh na bpáirteanna spártha a liostaítear i bpointí (a) agus (c), lena n-áirítear praghas réamhchánach táscach ceanglóirí agus uirlisí, má sholáthraítear leis an bpáirt spártha iad, ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe.

(2) Am seachadta uasta páirteanna spártha:

Le linn thréimhse infhaighteachta na bpáirteanna spártha, áiritheoidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe go ndéanfar na páirteanna spártha a sheachadadh laistigh de 15 lá oibre tar éis dóibh an t-ordú a fháil.

(3) Rochtain ar fhaisnéis maidir le deisiú agus cothabháil:

(a) Le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe 1(b), soláthróidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe rochtain ar an bhfaisnéis maidir le deisiú agus cothabháil an fhearais do dheisitheoirí gairmiúla.

Taispeánfar ar shuíomh gréasáin an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe an próiseas le haghaidh deisitheoirí gairmiúla chun rochtain ar fhaisnéis a iarraidh. Chun glacadh le hiarraidh den sórt sin, féadfaidh na monaróirí, na hallmhaireoirí nó na hionadaithe údaraithe a éileamh ar an deisitheoir gairmiúil na nithe seo a leanas, agus na nithe sin amháin, a léiriú:

(i) go bhfuil an inniúlacht theicniúil ag an deisitheoir gairmiúil triomadóirí rothlaim tí a dheisiú agus go gcomhlíonann sé na rialacháin is infheidhme maidir le deisitheoirí trealaimh leictrigh sna Ballstáit ina n-oibríonn sé. Glacfar le tagairt do chóras oifigiúil clárúcháin mar dheisitheoir gairmiúil, i gcás ina bhfuil córas den sórt sin i bhfeidhm sna Ballstáit lena mbaineann, mar chruthúnas ar chomhlíontacht an phointe seo;

(ii) go bhfuil an deisitheoir gairmiúil cumhdaithe faoi árachas lena gcumhdaítear dliteanais a eascraíonn as a ghníomhaíocht, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé sin á éileamh ag an mBallstát;

(b) glacfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe leis an iarraidh dá dtagraítear i bpointe (a) nó déanfaidh siad í a dhiúltú laistigh de 5 lá oibre;

(c) féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe táillí réasúnta agus comhréireacha a ghearradh as rochtain a fháil ar an bhfaisnéis maidir le deisiú agus cothabháil nó as nuashonruithe tráthrialta a fháil. Measfar táille a bheith réasúnta más rud é nach ndíspreagann sí rochtain toisc nach gcuirtear san áireamh inti a mhéid a úsáideann an deisitheoir gairmiúil an fhaisnéis;

(d) a luaithe a ghlacfar leis an iarraidh, beidh rochtain ag deisitheoir gairmiúil ar an bhfaisnéis a iarrtar maidir le deisiú agus cothabháil laistigh de lá oibre amháin. Féadfar an fhaisnéis a sholáthar le haghaidh múnla comhionann nó le haghaidh múnla den fhine chéanna, i gcás inarb ábhartha;

(e) áireofar ar an bhfaisnéis maidir le deisiú agus cothabháil na nithe seo a leanas:

(i) sainaithint aonchiallach an triomadóra rothlaim tí;

(ii) léarscáil díchóimeála nó scar-amharc;

(iii) lámhleabhar teicniúil treoracha le haghaidh deisiúcháin;

(iv) liosta den trealamh deisiúcháin agus tástála is gá;

(v) faisnéis faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis (amhail íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla na dtomhas);

(vi) léaráidí sreangaithe agus nasctha;

(vii) cóid fabhtanna diagnóiseacha agus cóid earráide (lena n-áirítear cóid a bhaineann go sonrach le monaróir, i gcás inarb infheidhme);

(viii) treoracha maidir le bogearraí agus dochtearraí ábhartha a shuiteáil, lena n-áirítear bogearraí athshocraithe;

(ix) faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar thaifid sonraí maidir le teagmhais teipe a thuairiscítear atá stóráilte ar an triomadóir rothlaim tí (i gcás inarb infheidhme);

(x) léaráidí cláir leictreonaigh;

(f) gan dochar do chearta maoine intleachtúla, ceadófar do thríú páirtithe faisnéis maidir le deisiú agus cothabháil gan athrú a d'fhoilsigh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe ar dtús agus a chumhdaítear le pointe (e) a úsáid agus a fhoilsiú a luaithe a chuirfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe deireadh le rochtain ar an bhfaisnéis sin tar éis dheireadh na tréimhse rochtana ar fhaisnéis maidir le deisiú agus cothabháil.

(4) Déanfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe triomadóirí rothlaim tí nuashonruithe bogearraí agus dochtearraí a chur ar fáil ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad tar éis an t-aonad deiridh den mhúnla a chur ar an margadh agus cuirfear na nuashonruithe bogearraí agus dochtearraí sin ar fáil saor in aisce.

(5) Ceanglais faisnéise maidir le gáis chuisneáin:

Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de maidir le lipéadú agus faisnéis i dtaca le táirgí agus trealamh, ainm ceimiceach nó córas ainmniúcháin an gháis chuisneáin a úsáidtear i dtriomadóirí rothlaim teaschaidéil, ar córas é a nglactar leis sa tionscal, beidh siad ar taispeáint go buan in áit ar na codanna seachtracha den fhearas atá infheicthe agus ar féidir leis an úsáideoir deiridh iad a shainaithint go héasca, ar an bpainéal cúil, mar shampla.

(6) Ceanglais maidir le díchóimeáil chun ábhar a aisghabháil agus maidir le hathchúrsáil agus truailliú á sheachaint:

(a) áiritheoidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe go ndearfar triomadóirí rothlaim tí sa chaoi gur féidir na hábhair agus na comhpháirteanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a bhaint den fhearas ach úsáid a bhaint as uirlisí atá ar fáil go coitianta;

(b) comhlíonfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó ionadaithe údaraithe na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 15(1) de Threoir 2012/19/AE.

6. Ceanglais maidir le Faisnéis

Soláthrófar treoracha úsáideora agus treoracha suiteálaí i bhfoirm lámhleabhar úsáideora ar shuíomh gréasáin saor-rochtana de chuid an mhonaróra, an allmhaireora nó an ionadaí údaraithe, agus áireofar an méid seo a leanas ann:

(1) an fhaisnéis ghinearálta seo a leanas:

(a) faisnéis go bhfuil an t-éiceachlár oiriúnach chun éadaí cadáis fliucha a thriomú agus go n-úsáidtear an clár sin chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht éicidhearthóireachta an Aontais;

(b) faisnéis gurb é an t-éiceachlár an clár is éifeachtúla i dtéarmaí tomhaltais fuinnimh chun éadaí cadáis fliucha a thriomú;

(c) faisnéis go gcuirfí le coigilteas fuinnimh tríd an triomadóir rothlaim tí a luchtú suas go dtí an toilleadh uasta arna shonrú ag an monaróir do na cláir faoi seach;

(d) más infheidhme, faisnéis maidir le conas an nasc líonra a ghníomhachtú agus a dhíghníomhachtú agus an tionchar ar thomhaltas fuinnimh;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

([2]) Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

(e) treoracha maidir le conas teacht ar an bhfaisnéis faoin múnla atá stóráilte sa bhunachar sonraí táirgí, mar a shonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2534 ([3]) ón gCoimisiún trí bhíthin nasc gréasáin a nascann leis an bhfaisnéis shamplach mar atá stóráilte sa bhunachar sonraí táirgí nó nasc chuig an mbunachar sonraí táirgí agus faisnéis maidir le conas teacht ar an aitheantóir samhla ar an táirge;

(2) luachanna do na paraiméadair seo a leanas:

(a) toilleadh ainmniúil in kg;

(b) fad an chláir, arna shloinneadh in uaireanta an chloig agus nóiméid;

(c) leictreachas, agus i gcás inarb infheidhme, ídiú gáis in kWh in aghaidh an timthrialla triomúcháin;

(d) cion taise deiridh tar éis an timthrialla triomúcháin;

(e) astaíocht fuaimthorainn aeriompartha an timthrialla triomúcháin.

Soláthrófar na luachanna do na paraiméadair a leagtar amach i bpointí (a) go (e) don éiceachlár ag ualach iomlán agus, seachas i gcás an pharaiméadair a leagtar amach i bpointe (e), ag ualach páirteach agus do na cláir seo a leanas i gcás ina mbeidh fáil orthu:

(a) clár triomúcháin éadaí sintéiseacha ag ualach iomlán;

(b) clár triomúcháin éadaí fíneálta/éadaí olla ag ualach iomlán;

(c) ríchlár nó an-chlár triomúcháin éadaí cadáis ag ualach iomlán agus ag ualach páirteach;

(d) clár triomúcháin iarainn cadáis ag ualach iomlán agus ag ualach páirteach;

(e) ríchlár nó an-chlár triomúcháin éadaí sintéiseacha ag ualach iomlán;

(f) clár triomúcháin iarainn éadaí sintéiseacha ag ualach iomlán;

Is luachanna táscacha amháin iad na luachanna a thugtar do chláir seachas an t-éiceachlár;

(3) treoracha chun oibríochtaí cothabhála a dhéanamh, lena n-áirítear na hoibríochtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) suiteáil cheart, lena n-áirítear suíomh cothrom, nascadh leis an bpríomhlíonra, nascadh leis an asraon uisce (más ábhartha), nasc le gás (más ábhartha), suiteáil píobáin aerála (más ábhartha);

(b) glantachán scagairí, lena n-áirítear minicíocht bharrmhaith, agus an nós imeachta, agus na príomhiarmhairtí a bhaineann le glantachán neamhleor scagairí; léireofar sna treoracha gur cheart, agus na scagairí á nglanadh, an clúmh a chaitheamh amach agus gan é a ní tríd an draein chun scaipeadh micreaphlaisteach sa chóras uisce úsáidte a sheachaint;

(c) an t-umar uisce a fholmhú i gcás triomadóirí comhdhlúthadáin i gcás nach bhfuil an triomadóir rothlaim tí ceangailte le hasraon uisce;

(d) glantachán tréimhsiúil, lena n-áirítear minicíocht bharrmhaith;

(e) oscailt an dorais idir thimthriallta triomúcháin, más iomchuí;

(f) ábhar coimhthíoch a bhaint;

(g) earráidí a shainaithint, brí na n-earráidí sin, agus an gníomh a éilítear, lena n-áirítear earráidí a shainaithint a n-éilítear cúnamh gairmiúil ina leith;

(h) conas rochtain a fháil ar sheirbhísí deisiúcháin gairmiúla (leathanaigh ghréasáin ar an idirlíon, seoltaí, sonraí teagmhála).

Áireofar sna treoracha freisin faisnéis maidir le haon impleacht a bhaineann le féindeisiúchán nó deisiúchán neamhghairmiúil do shábháilteacht an úsáideora agus don ráthaíocht agus maidir leis an íostréimhse a mbeidh na páirteanna spártha ar fáil lena linn.

---

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2534 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú fuinnimh triomadóirí rothlaim tí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 392/2012 ón gCoimisiún (IO L, 2023/2534, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2534/oj).

*IARSCRÍBHINN III*

**MODHANNA TOMHAIS AGUS RÍOFA**

Chun críoch comhlíontachta agus chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a fhíorú, déanfar tomhais agus ríomhanna trí úsáid a bhaint as caighdeáin chomhchuibhithe, a bhfoilsítear chun na críche sin a n-uimhreacha tagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó trí mhodhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe eile, lena gcuirtear san áireamh na modhanna úrscothacha a aithnítear go ginearálta agus atá i gcomhréir leis na forálacha san Iarscríbhinn seo.

I gcás ina ndearbhaítear paraiméadar de bhun Airteagal 4, úsáidfidh an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe a luach fógartha le haghaidh na ríomhanna san Iarscríbhinn seo.

Bainfear úsáid as an éiceachlár mar atá inaitheanta ar an roghnú cláir, ar an scáileán taispeána agus tríd an nasc líonra, ag brath ar na feidhmiúlachtaí a sholáthraíonn an triomadóir rothlaim tí, agus gan aon mhodhnú breise a dhéanamh ar an socrú maidir leis an gcion taise deiridh, chun EEI, an éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin, fad an chláir, an cion taise deiridh agus na hastaíochtaí fuaimthorainn aeriompartha a thomhas agus a ríomh. Déanfar an tomhaltas fuinnimh, an éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin, fad an chláir agus an cion taise deiridh a thomhas i gcomhthráth.

Déanfar an tomhaltas ualaithe fuinnimh, fad ualaithe an chláir, an cion taise deiridh agus an éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin a ríomh ar bhonn trí thimthriall triomúcháin ag ualach iomlán agus ceithre thimthriall triomúcháin ag ualach páirteach.

## 1. **Innéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh**

Chun EEI de mhúnla triomadóra rothlaim tí a ríomh, déantar comparáid idir an tomhaltas ualaithe fuinnimh in aghaidh an timthrialla triomúcháin don éiceachlár ag ualach iomlán agus ag ualach páirteach agus an tomhaltas fuinnimh caighdeánach in aghaidh an timthrialla triomúcháin.

(a) Ríomhtar EEI mar a leanas agus slánaítear é go dtí ionad deachúlach amháin:

$$EEI = \frac{E_{tC}}{SE_C} \times 100$$

i gcás

| | |
|---|---|
| $E_{tC}$ = | tomhaltas ualaithe fuinnimh in aghaidh an timthrialla triomúcháin, |
| $SE_C$ = | tomhaltas fuinnimh caighdeánach in aghaidh an timthrialla triomúcháin. |

(b) Ríomhtar $SE_C$ in kWh mar a leanas agus slánaítear é go dtí an dara hionad deachúil:

(i) i gcás triomadóirí rothlaim tí seachas triomadóirí rothlaim aer-aeráilte:

$$SE_C = 0,46 \times c^{0,63}$$

(ii) i gcás triomadóirí rothlaim aer-aeráilte:

$$SE_C = 0,46 \times c^{0,63} \times \left(1 - \frac{T_t}{60} \times 0,083\right)$$

i gcás

| | |
|---|---|
| is é $c$ | toilleadh ainmniúil an triomadóra rothlaim tí don éiceachlár, |
| is é $T_t$ | an fad ualaithe don éiceachlár. |

(c) ríomhtar $E_{tC}$ in kWh mar a leanas agus slánaítear é go dtí an dara hionad deachúil:

$$E_{tC} = 0,24 \times E_{dry} + 0,76 \times E_{dry½}$$

i gcás

$Eg_{dry}$ = tomhaltas fuinnimh an éiceachláir ag ualach iomlán, in kWh agus slánaithe go dtí an dara hionad deachúil,

$E_{dry½}$ = tomhaltas fuinnimh an éiceachláir ag ualach páirteach, in kWh agus slánaithe go dtí an dara hionad deachúil.

(d) i gcás triomadóirí rothlaim gásadhainte, ríomhtar $E_{dry}$ agus $E_{dry1/2}$ mar a leanas

$$E_{dry} = \frac{Eg_{dry}}{CC} + Eg_{dry,a}$$

$$E_{dry½} = \frac{Eg_{dry½}}{CC} + Eg_{dry½,a}$$

i gcás

| | |
|---|---|
| $Eg_{dry}$ = | ídiú gáis an éiceachláir ag ualach iomlán, in kWh agus slánaithe go dtí an dara hionad deachúil, |
| $Eg_{dry½}$ = | ídiú gáis an éiceachláir ag ualach páirteach, in kWh agus slánaithe go dtí an dara hionad deachúil, |
| $Eg_{dry,a}$ = | ídiú leictreachais cúnta an éiceachláir ag ualach iomlán, in kWh agus slánaithe go dtí an dara hionad deachúil, |
| $Eg_{dry½,a}$ = | ídiú leictreachais cúnta an éiceachláir ag ualach páirteach, in kWh agus slánaithe go dtí an dara hionad deachúil, |
| CC (comhéifeacht tiontúcháin) = | 1,9. |

(e) Ríomhtar Tt don éiceachlár i nóiméid, arna slánú go dtí an nóiméad is gaire, mar a leanas:

$$T_t = 0,24 \times T_{dry} + 0,76 \times T_{dry½}$$

i gcás

$T_{dry}$ = fad an chláir don éiceachlár ag ualach iomlán, i nóiméid agus arna shlánú go dtí an nóiméad is gaire;

$T_{dry½}$ = fad an chláir don éiceachlár ag ualach páirteach, i nóiméid agus arna shlánú go dtí an nóiméad is gaire.

(f) Ríomhtar meánchion taise deiridh $\mu_t$ don éiceachlár mar chéatadán arna shlánú go dtí ionad deachúlach amháin, mar a leanas:

$$\mu_t = \frac{(3 \times \mu_{dry} + 4 \times \mu_{dry1/2})}{7}$$

i gcás

$\mu dry$ = an cion taise deiridh don éiceachlár ag ualach iomlán mar chéatadán arna shlánú go dtí ionad deachúlach amháin.

$\mu dry½$ = an cion taise deiridh don éiceachlár ag ualach páirteach mar chéatadán arna shlánú go dtí ionad deachúlach amháin.

2. **Éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin**

Is é éifeachtúlacht comhdhlúthúcháin cláir (*Ct*) an cóimheas idir mais na taise a chomhdhlúthaítear agus a bhailítear i gcoimeádán triomadóra rothlaim comhdhlúthadáin agus mais na taise a bhaintear as an ualach ag an gclár, arb é an ceann deireanach an difríocht idir mais an ualaigh tástála fhliuch roimh thriomúchán agus mais an ualaigh tástála tar éis triomúcháin.

Déantar $C_t$ a ríomh mar chéatadán agus a shlánú go dtí an slánchéatadán is gaire mar a leanas:

$$C_t = 0,24 \times C_{dry} + 0,76 \times C_{dry½}$$

i gcás

| | |
|---|---|
| $C_{dry}$ = | meánéifeachtúlacht comhdhlúthúcháin an éiceachláir agus ualach iomlán ann, |
| $C_{dry½}$ = | meánéifeachtúlacht comhdhlúthúcháin an éiceachláir agus ualach páirteach ann. |

3. **Móid ísealchumhachta**

Déantar ídiú cumhachta an mhóid 'as' ($P_o$), an mhóid fuireachais ($P_{sm}$), agus i gcás inarb infheidhme, tús moillithe ($P_{ds}$) a thomhas. Sloinntear na luachanna tomhaiste in W agus slánaítear iad go dtí an dara hionad deachúil.

Le linn an t-ídiú cumhachta i móid ísealchumhachta a thomhas, déanfar na feidhmeanna seo a leanas a sheiceáil agus a thaifeadadh:

(a) an dtaispeántar faisnéis nó nach dtaispeántar;

(b) an ngníomhaítear nasc líonra nó nach ngníomhaítear.

Má tá taispeáint faisnéise nó stádais san áireamh sa mhód fuireachais, cuirfear an fheidhm sin ar fáil freisin nuair a sholáthrófar an fuireachas líonraithe.

Má sholáthraítear feidhm coiscthe filltín leis an triomadóir rothlaim tí, cuirfear isteach ar an bhfeidhm sin trí dhoras an triomadóra rothlaim tí a oscailt, nó trí aon idirghabháil iomchuí eile a dhéanamh 15 nóiméad roimh an ídiú cumhachta a thomhas.

4. **Astaíocht fuaimthorainn aeriompartha**

Déanfar astaíocht fuaimthorainn aeriompartha ó thimthriall triomúcháin triomadóra rothlaim tí a ríomh don éiceachlár ag ualach iomlán trí úsáid a bhaint as caighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh a n-uimhreacha tagartha chun na críche sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó trí mhodhanna eile atá iontaofa cruinne agus in-atáirgthe agus lena gcuirtear san áireamh na modhanna úrscothacha a bhfuil glacadh leo go ginearálta.

Déanfar astaíochtaí fuaimthorainn aeriompartha a thomhas in dB(A) i leith 1 pW agus déanfar iad a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire.

*IARSCRÍBHINN IV*

## NÓS IMEACHTA FÍORÚCHÁIN CHUN CRÍCHE FAIREACHAIS MARGAIDH

1. Na lamháltais fíorúcháin a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, ní bhaineann siad ach le fíorú ag údaráis Ballstáit ar na luachanna fógartha agus ní úsáidfidh an monaróir, an t-allmhaireoir ná ionadaithe údaraithe iad mar lamháltas ceadaithe chun na luachanna sin a dheimhniú sa doiciméadacht theicniúil nó chun na luachanna sin a léirmhíniú d'fhonn comhlíontacht a bhaint amach nó chun feidhmíocht níos fearr a chur in iúl trí mheán ar bith.

2. Measfar nach comhlíontach é aon mhúnla ná gach múnla coibhéiseach i gcás nach bhfuil an múnla sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6.

3. Mar chuid den fhíorú go gcomhlíonann múnla táirge na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 2009/125/CE, cuirfidh údaráis na mBallstát an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

(a) fíoróidh údaráis na mBallstát aon aonad amháin den mhúnla;

(b) measfar go gcomhlíonann an múnla na ceanglais is infheidhme i gcás ina gcomhlíonann sé gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

   (i) maidir leis na luachanna fógartha a thugtar sa doiciméadacht theicniúil de bhun phointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/125/CE, agus, i gcás inarb infheidhme, na luachanna a úsáideadh chun na luachanna sin a ríomh, níl siad níos fabhraí don mhonaróir, don allmhaireoir ná don ionadaí údaraithe ná torthaí na dtomhas comhfhreagrach a rinneadh de bhun phointe 2(g) den Iarscríbhinn sin;

   (ii) comhlíonann na luachanna fógartha aon cheanglas a leagtar síos sa Rialachán seo, agus níl luachanna atá níos fabhraí don mhonaróir nó don allmhaireoir ná na luachanna fógartha in aon fhaisnéis táirge a éilítear a fhoilsíonn an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe;

   (iii) nuair a sheiceálann údaráis an Bhallstáit aonad an mhúnla, go gcomhlíonann aon chóras nuashonraithe bogearraí a fhéadfaidh a bheith curtha ar bun ag an monaróir, an t-allmhaireoir nó an t-ionadaí údaraithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7;

   (iv) nuair a sheiceálann údaráis na mBallstát aonad an mhúnla, go gcomhlíonann sé ceanglais an chláir i bpointe 1, na ceanglais maidir le héifeachtúlacht acmhainne i bpointe 5 agus na ceanglais faisnéise i bpointe 6 d'Iarscríbhinn II; agus

   (v) nuair a dhéanann údaráis na mBallstát tástáil ar aonad an mhúnla, comhlíonann na luachanna cinntithe, is é sin luachanna na bparaiméadar ábhartha arna dtomhas sa tástáil agus na luachanna arna ríomh ó na tomhais sin na nithe seo a leanas:

      a) na critéir bhailíochta a leagtar amach i dTábla 1;

      b) na lamháltais fíorúcháin faoi seach a leagtar amach i dTábla 1.

4. I gcás nach mbaintear amach na torthaí dá dtagraítear i bpointí (3)(b), (i), (ii) (iii) nó (iv), measfar nach gcomhlíonann an múnla agus gach múnla coibhéiseach an Rialachán seo.

5. Mura mbaintear amach an toradh dá dtagraítear i bpointe (3)(b)(v), roghnóidh údaráis na mBallstát trí aonad breise den mhúnla céanna le haghaidh tástála. Mar mhalairt air sin, féadfaidh na trí aonad bhreise a roghnófar a bheith d'aon mhúnla coibhéiseach amháin nó níos mó.

6. Measfar nach gcomhlíonann an múnla ná aon mhúnla coibhéiseach an Rialachán seo a luaithe nach gcomhlíonann an luach cinntithe don mheánchion taise deiridh don éiceachlár na critéir bhailíochta mar a thugtar iad i dTábla 1 le haghaidh ceann amháin de na trí aonad breise dá dtagraítear i bpointe (5). Sa chás sin, ní gá na haonaid eile nár tástáladh fós a thástáil. Measfar go gcomhlíonann an múnla an Rialachán seo más rud é go gcomhlíonann an luach cinntithe don chion taise deiridh na critéir bhailíochta mar a thugtar iad i dTábla 1 do gach ceann de na trí aonad breise.

7. Measfar go gcomhlíonann an múnla na ceanglais is infheidhme más rud é, maidir leis na trí aonad dá dtagraítear i bpointe (5) go gcomhlíonann meán uimhríochtúil na luachanna cinntithe na lamháltais fíorúcháin faoi seach a leagtar amach i dTábla 1.

8. I gcás nach mbaintear amach an toradh dá dtagraítear i bpointí 7, measfar nach gcomhlíonann an múnla agus gach múnla coibhéiseach an Rialachán seo.

9. Cuirfidh údaráis na mBallstát an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil gan mhoill d'údaráis na mBallstát eile agus don Choimisiún tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le neamhchomhlíontacht an mhúnla de bhun phointí (2), (4), (6) nó (8).

10. Úsáidfidh údaráis na mBallstát na modhanna tomhais agus ríomha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

11. Ní chuirfidh údaráis na mBallstát i bhfeidhm ach na critéir bhailíochta agus na lamhháltais fíorúcháin a leagtar amach i dTábla 1 agus ní úsáidfidh siad ach an nós imeachta a thuairiscítear i bpointí 3 go 8 i dtaca leis na ceanglais dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo. I gcás na bparaiméadar i dTábla 1, ní chuirfear i bhfeidhm aon chritéar bailíochta ná lamhháltas fíorúcháin eile, amhail na cinn sin a leagtar amach i gcaighdeáin chomhchuibhithe nó in aon mhodh tomhais eile.

*Tábla 1*

**Lamhháltais fíorúcháin agus critéir bhailíochta**

| Paraiméadar | Critéir bhailíochta |
|---|---|
| Meánchion taise deiridh an éiceachláir $\mu_t$ | Déanfar an luach cinntithe a thomhas agus a ríomh agus beidh sé níos ísle ná 1,5 %. |
| Paraiméadar | Lamhháltais fíorúcháin |
| $E_{dry}$ agus $E_{dry½}$ | Ní rachaidh an luach cinntithe (*) thar 6 % os cionn luach fógartha $E_{dry}$ agus $E_{dry½}$. |
| $Eg_{dry}$ agus $Eg_{dry½}$ | Ní rachaidh an luach cinntithe (*) thar 6 % os cionn luach fógartha $Eg_{dry}$ agus $Eg_{dry½}$. |
| $Eg_{dry,a}$ agus $Eg_{dry½,a}$ | Ní rachaidh an luach cinntithe (*) thar 6 % os cionn luach fógartha $Eg_{dry,a}$ agus $Eg_{dry½,a}$. |
| $C_t$ | Ní bheidh an luach cinntithe (*) níos lú ná 6 % faoi bhun luach $C_t$. |
| $T_{dry}$ agus $T_{dry½}$ | Ní rachaidh an luach cinntithe (*) thar níos mó ná 6 % de luach fógartha $T_{dry}$ agus $T_{dry½}$. |
| $P_o$ | Ní rachaidh luach cinntithe (*) $P_o$ thar 0,10 W den luach fógartha. |
| $P_{sm}$ | Ní rachaidh luach cinntithe (*) $P_{sm}$ thar 10 % os cionn an luacha fhógartha má tá an luach fógartha níos mó ná 1,00 W, ná ní rachaidh sé thar 0,10 W os cionn an luacha fhógartha i gcás ina bhfuil an luach fógartha níos lú ná, nó cothrom le 1,00 W. |
| $P_{ds}$ | Ní rachaidh luach cinntithe (*) $P_{ds}$ thar 10 % os cionn an luacha fhógartha más tá an luach fógartha níos mó ná 1,00 W, ná ní rachaidh sé thar 0,10 W os cionn an luacha fhógartha i gcás ina bhfuil an luach fhógartha níos lú ná, nó cothrom le 1,00 W. |
| Astaíochtaí fuaimthorainn aeriompartha | Ní rachaidh an luach cinntithe (*) thar 2 dB(A) os cionn an luacha fhógartha maidir le 1 pW. |

(*) I gcás ina ndéantar trí aonad breise a thástáil i gcomhréir le pointe 5, ciallaíonn an luach cinntithe meán uimhríochtúil na luachanna arna chinneadh le haghaidh na dtrí aonad breise sin.

*IARSCRÍBHINN V*

**COMHAONTÚ PHÁRAS**

Tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, sainaithnítear an teicneolaíocht is fearr le haghaidh triomadóirí rothlaim tí atá ar fáil ar an margadh mar a leanas:

(1) triomadóir rothlaim comhdhlúthadáin ina bhfuil eilimint téimh a bhfuil toilleadh ainmniúil 7 kg aige:

(a) tomhaltas fuinnimh: 2,73 kWh in aghaidh an timthrialla triomúcháin don éiceachlár (*);

(b) ré an timthrialla triomúcháin: 76 nóiméad don éiceachlár (*);

(c) astaíochtaí fuaimthorainn aeriompartha: 63 dB(A);

(2) triomadóir rothlaim teaschaidéil ag a bhfuil toilleadh ainmniúil 7 kg:

(a) tomhaltas fuinnimh: 0,85 kWh in aghaidh an timthrialla triomúcháin don éiceachlár (*);

(b) ré an timthrialla triomúcháin: 134 nóiméad don éiceachlár (*);

(c) astaíochtaí fuaimthorainn aeriompartha: 66 dB(A);

(3) triomadóir rothlaim aer-aeráilte ina bhfuil eilimint téimh a bhfuil toilleadh ainmniúil 7 kg aige:

(a) tomhaltas fuinnimh: 2,58 kWh in aghaidh an timthrialla triomúcháin don éiceachlár (*);

(b) ré an timthrialla triomúcháin: 76 nóiméad don éiceachlár (*);

(c) astaíochtaí fuaimthorainn aeriompartha: 69 dB(A);

(*) Arna ríomh ar bhonn meán ualaithe idir ualach iomlán agus ualach páirteach, i gcás ina n-iolraítear an t-ualach iomlán faoi 0,24 agus an t-ualach páirteach faoi 0,76.

*IARSCRÍBHINN VI*

**TRIOMADÓIRÍ ROTHLAIM TÍ INA bhFUIL NÍOS MÓ NÁ DRUMA AMHÁIN**

I gcás triomadóirí rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin, beidh feidhm maidir le gach druma ag forálacha phointí 1 go 4 d'Iarscríbhinn II, de réir na modhanna tomhais agus ríomha a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Beidh feidhm ag forálacha phointe 5 d'Iarscríbhinn II maidir leis na triomadóirí rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin ina n-iomláine. Beidh feidhm ag forálacha phointe 6 d'Iarscríbhinn II maidir le gach druma nó triomadóirí rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin ina n-iomláine de réir mar is iomchuí. Beidh feidhm ag forálacha phointí 1 go 4 d'Iarscríbhinn II maidir le gach ceann de na drumaí ar leithligh, seachas i gcás ina bhfuil na drumaí tógtha sa chásáil chéanna agus nach féidir leo feidhmiú san 'éiceachlár' ach go comhuaineach. Sa chás deiridh sin, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir leis an triomadóir rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin ina n-iomláine mar a leanas:

(a) is é toilleadh ainmniúil an triomadóra rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin suim an toillte ainmniúil atá ag gach druma;

(b) is é tomhaltas fuinnimh an triomadóra rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin suim an tomhaltais fuinnimh atá ag gach druma;

(c) ríomhfar an tInnéacs Éifeachtúlachta Fuinnimh trí úsáid a bhaint as toilleadh ainmniúil agus tomhaltas fuinnimh an triomadóra rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin ina iomláine;

(d) is é fad an chláir fad 'éiceachlár' an druma ag a bhfuil an toilleadh ainmniúil is mó;

(e) beidh feidhm ag na ceanglais maidir le móid ísealchumhachta i dtaca leis an triomadóir rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin ina iomláine;

(f) is í an astaíocht fuaimthorainn aeriompartha a bheidh ann astaíocht fuaimthorainn aeriompartha an triomadóra rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin ina iomláine.

Beidh feidhm ag an nós imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV maidir le triomadóirí rothlaim tí ina bhfuil níos mó ná druma amháin ina n-iomláine, agus beidh feidhm ag na critéir bhailíochta agus na lamháltais fíorúcháin maidir le gach ceann de na paraiméadair arna gcinneadh agus an Iarscríbhinn seo á cur i bhfeidhm.